Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Lúnasa 2023**
**(OR. en)**

**12496/23**

**MI 699**
**IND 442**
**COMPET 824**
**AGRI 475**
**AGRIFIN 102**
**AGRILEG 167**
**VETER 79**
**DENLEG 39**
**SAN 495**
**PHYTOSAN 60**
**STATIS 51**
**ECOFIN 842**
**CADREFIN 114**
**SEMENCES 50**
**DELACT 123**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 21 Lúnasa 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2023) 4993 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 28.7.2023 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/690 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bunú creata faireacháin agus meastóireachta le haghaidh Chlár an Mhargaidh Aonair |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2023) 4993 final.

---

Faoi iamh: C(2023) 4993 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.7.2023
C(2023) 4993 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 28.7.2023**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/690 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bunú creata faireacháin agus meastóireachta le haghaidh Chlár an Mhargaidh Aonair**

{SWD(2023) 271 final}

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le Rialachán (AE) 2021/690 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021[1] bunaítear clár don mhargadh inmheánach, d'iomaíochas fiontar, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide, do réimse na bplandaí, na n-ainmhithe, an bhia agus na beatha, agus don staidreamh Eorpach (Clár an Mhargaidh Aonair), ar a dtabharfar 'CMA' anseo feasta.

Le Rialachán (AE) 2021/690, leagtar síos forálacha maidir le faireachán agus tuairisciú (Airteagal 17) agus maidir le meastóireacht (Airteagal 18), agus cuimsítear ann, in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis, na croítháscairí feidhmíochta le haghaidh tuairisciú a dhéanamh maidir lena mhéid atá an CMA ag déanamh dul chun cinn i dtaca le sroicheadh na gcuspóirí ginearálta agus na gcuspóirí sonracha (a leagtar amach in Airteagal 3). Chun measúnú éifeachtach a áirithiú ar dhul chun cinn an Chláir maidir le baint amach a chuspóirí, le hAirteagal 17(3) tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an Rialachán a fhorlíonadh le forálacha maidir le creat faireacháin agus meastóireachta a bhunú.

Is é a mheasann an Coimisiún, i dtaca leis na táscairí a bhunaítear le hIarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán CMA, nach leor na táscairí sin chun meastóireacht chuimsitheach a dhéanamh ar CMA. Ar an gcúis sin, déanann an gníomh tarmligthe seo forlíonadh ar Rialachán (AE) 2021/690 le forálacha maidir le bunú creata faireacháin agus meastóireachta, trí bhíthin tacar táscairí dara leibhéal a thabhairt isteach. Tomhaisfear leis na táscairí sin aschuir, torthaí agus tionchar an chláir. Ós rud é go leagtar síos cheana le hAirteagail 16, 17 agus 18 de Rialachán (AE) 2021/690 ceanglais áirithe tuairiscithe agus meastóireachta, ba cheart na ceanglais sin a chur san áireamh, de réir mar is iomchuí, leis na táscairí breise, chun neamhréireanna a sheachaint, chun sineirgí a áirithiú agus chun an t-ualach riaracháin a laghdú an oiread agus is féidir.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Mar a leagtar síos le hAirteagal 20 (4) de Rialachán (AE) 2021/690 maidir leis an tarmligean a fheidhmiú, chuaigh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin le saineolaithe *ad hoc* arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

Tar éis an gníomh tarmligthe a ghlacadh, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Déantar tagairt in Airteagal 1 den ghníomh tarmligthe do na táscairí a bunaíodh cheana le hIarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/690 chun faireachán bliantúil a dhéanamh ar fheidhmíocht, táscairí a úsáidfear freisin mar chuid den chreat faireacháin agus meastóireachta. Tugtar isteach leis táscairí breise, a liostaítear san Iarscríbhinn, atá mar chuid den chreat sin freisin. Forlíontar Rialachán (AE) 2021/690, dá bhrí sin, le hAirteagal 1 a mhéid a bhaineann le bunú creata faireacháin agus meastóireachta agus sonraítear ann conas a bhaileoidh an Coimisiún na sonraí is gá.

[1] IO L 153, 3.5.2021.

Le hAirteagal 2 den ghníomh tarmligthe, leagtar síos na forálacha maidir le teacht i bhfeidhm an ghnímh.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 28.7.2023**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/690 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bunú creata faireacháin agus meastóireachta le haghaidh Chlár an Mhargaidh Aonair**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/690 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena bunaítear clár don mhargadh inmheánach, d'iomaíochas fiontar, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide, do réimse na bplandaí, na n-ainmhithe, an bhia agus na beatha, agus don staidreamh Eorpach[2], agus go háirithe Airteagal 17(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2021/690 bunaítear clár chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh ('an clár') a fheabhsú don tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2027. In Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/690 liostaítear na táscairí a úsáidfear le tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn Chlár an Mhargaidh Aonair ('CMA') maidir le baint amach na gcuspóirí ginearálta agus sonracha a leagtar amach in Airteagal 3 den Rialachán sin.

(2) Cé go bhfuil na táscairí a liostaítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/690 oiriúnach chun faireachán bliantúil a dhéanamh ar fheidhmíocht, ní leor iad le go bhféadfaí faireachán agus meastóireacht chuimsitheach a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus ar thorthaí an chláir maidir lena chuspóirí ginearálta agus na gcuspóirí sonracha a bhaint amach. Dá bhrí sin, ba cheart táscairí breise a leagan síos mar chuid den chreat faireacháin agus meastóireachta.

(3) Leis na táscairí sin ba cheart tomhas a dhéanamh ar aschuir, torthaí agus tionchair an Chláir agus breithniú á dhéanamh ar na ceanglais tuairiscithe agus meastóireachta atá ann cheana agus a leagadh síos le hAirteagal 17 agus 18 de Rialachán (AE) 2021/690.

(4) Chun a áirithiú go mbaileofar na sonraí sin ar bhealach éifeachtúil, éifeachtach, agus go tráthúil, ba cheart ceanglais chomhréireacha tuairiscithe a fhorchur ar fhaighteoirí an chistí CMA, agus é sin a dhéanamh ar bhealach a choinneoidh an t-ualach riaracháin chomh héadrom agus is féidir.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Agus faireachán agus meastóireacht á ndéanamh ar Chlár an Mhargaidh Aonair ('an clár') i gcomhréir le hAirteagail 17 agus 18 de Rialachán (AE) 2021/690, úsáidfear na táscairí seo a leanas mar chuid den chreat faireacháin agus meastóireachta:

[2] IO L 153, 3.5.2021.

Maidir leis na Croítháscairí Feidhmíochta atá ann cheana agus a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/690, is mar a leanas a thagrófar dóibh:

‘OP 1’,‘OP 2’,‘OP 3’,‘OP 4’,‘OP 5’,‘OP 6’,‘OP 7’,‘OP 8’,

‘RES 1’,‘RES 2’,‘RES 3’,‘RES 4’,‘RES 5’,‘RES 6’,

‘IMP 1’.

Ina theannta sin déanfaidh na táscairí nua a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo tomhas ar aschuir, torthaí agus tionchair an chláir ar an dara leibhéal.

‘OP 0.1.’,‘OP 0.2.’,‘OP 0.3.’,‘OP 0.4.’,‘OP 0.5.’,‘OP 1.1.’,‘OP 1.2.’,‘OP 2.1.’,‘OP 4.1.’,‘OP 4.2.’,‘OP 4.3.’,‘OP 4.4.’,OP 4.5.’,‘OP 4.6.’,‘OP 5.1.’,‘OP 6.1.’,‘OP 6.2.’,‘OP 6.3.’.

‘RES 0.1.’,‘RES 0.2.’,’RES 0.3.’,RES 0.4.’,‘RES 1.1.’,‘RES 1.2.’,‘RES 1.3.’,‘RES 1.4.’,‘RES 1.5.’,‘RES 1.6.’,‘RES 1.7.’,‘RES 1.8.’,‘RES 2.1.’,‘RES 2.2.’,‘RES 2.3.’,‘RES 2.4.’,‘RES 2.5.’,‘RES 2.6.’,‘RES 2.7.’,‘RES 3.1.’,‘RES 3.2.’,‘RES 3.3.’,‘RES 4.1.’,‘RES 4.2.’,‘RES 4.3.’,’RES 4.4.’,‘RES 5.1.’,‘RES 6.1.’,‘RES 6.2.’,‘RES 6.3.’,‘RES 6.4.’,‘RES 6.5.’,‘RES 6.6.’,

‘IMP 5.1.’,‘IMP 6.1.’.

Is ó fhoinsí sonraí laistigh den Choimisiún a bhaileofar na sonraí foluiteacha a úsáidfidh an Coimisiún chun tomhas a dhéanamh ar na táscairí dá dtagraítear i mír 1.

Déanfaidh faighteoirí chistí an Aontais sonraí a sholáthar ar bhonn bliantúil nuair a bheidh sonraí den sórt sin ar fáil. Cuirfear forbhreathnú bliantúil ar na torthaí ar fáil do pháirtithe leasmhara ar bhonn bileoga eolais faireacháin le haghaidh gach gníomhaíochta. Tiomsófar na bileoga eolais faireacháin sin ó shonraí sna tuarascálacha tionscadail agus ó shonraí breise ó uirlis tuairiscithe.

I gcás Cholún an bhia amháin, gheofar na torthaí trí na riaracháin náisiúnta ón nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú.

Chun tomhas a dhéanamh i ndáil leis na táscairí dá dtagraítear i mír 1, mar chuid den chreat faireacháin agus meastóireachta, úsáidfidh an Coimisiún na sonraí a sholáthróidh faighteoirí chistí an Aontais nó na Ballstáit.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 28.7.2023

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*